


Oíche Shamhna

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi fheachtas eolais atá ar bun chun daoine a choinneáil sábháilte le linn shaoire na Samhna.



Déan cur síos don duine in aice leat ar Oíche Shamhna. Bain úsáid as na focail sa chiorcal chun cabhrú leat.

féile Cheilteach traidisiún págánach
na mairbh an saol eile
gléasann leanaí suas
 cultacha Oíche Shamhna
 taibhsí cailleacha
cnámharlaigh zombaithe bob nó bia
 milseáin cnónna úlla
puimcíní líonta damhán alla

Ceist 2

Féach féin agus an duine in aice leat ar na focail seo a bheidh le cloisteáil sa mhír. An féidir libh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla?

1. is garr uainn	a. <i>avoid/keep away from</i>
2. údaráis áitiúla	b. <i>awareness campaign</i>
3. seirbhísí éigeandála	c. <i>fire services</i>
4. fan glan ar	d. <i>celebration</i>
5. tinte ealaíne	e. <i>people are reminded</i>
6. tinte cnámh	f. <i>it's not long until</i>
7. ceiliúradh	g. <i>visible</i>
8. Comhchoiste Póilíneachta	h. <i>fireworks</i>
9. feachtas feasachta	i. <i>Joint Policing Committee</i>
10. faireach	j. <i>local authorities</i>
11. seirbhísí dóiteáin	k. <i>vigilant</i>
12. meabhraítear do dhaoine	l. <i>bonfires</i>
13. feiceálach	m. <i>emergency services</i>

VIFAX 24 Deireadh Fómhair 2019
Bunleibhéal

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair, le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís gan féachaint ar na nótaí. An dtuigeann tú níos fearr í? Déan cur síos ar ábhar na míre don duine in aice leat.

Ceist 4 An briathar saor

Féach ar an tuairisc arís agus breac síos gach sampla den bhriathar saor a chloiseann tú inti. Cén aimsir lena mbaineann siad?

Scríobh síos na deirí nó na foircinn a úsáidtear chun an briathar saor san aimsir sin a chur in iúl. Tabhair samplaí.

Ceist 5 ‘...an-chontúirteach...’

Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an aidiacht ‘contúirteach’?
Cén Ghaeilge atá ar na cinn seo a leanas mar sin – *very cold, very hot, very safe, very good, very bad* agus *very young*?

Ceist 6 Pléigh na ceistanna leis na daoine eile i do ghrúpa:

1. Cad a dhéanann tú féin de ghnáth Oíche Shamhna?
2. Cad a dhéanfaidh tú i mbliana?
3. An bhfuil cur amach agat ar aon fhéile eile a cheiliúran na mairbh? Cad é?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féile Cheilteach í Samhain. Bhí na Ceiltigh ina gcónaí in Éirinn, i Sasana, in Albain, sa Bhreatain Bheag agus ar an Mór-Roinn timpeall 2000 bliain ó shin. Ba thraidisiún págánach é tús an gheimhridh a cheiliúradh ag deireadh an fhómhair. Chonacthas do na Ceiltigh go raibh baint ag an am seo den bhliain leis na mairbh agus leis an saol eile. Bíonn Oíche Shamhna ar an aonú lá is tríocha de mhí Dheireadh Fómhair. In Éire an lae inniu, ceiliúrann muintir na tíre agus go háirithe daoine óga an traidisiún go fóill. Gléasann siad suas i gcultacha Oíche Shamhna. Is iad na cultacha is coitianta ná taibhsí, cailleacha, cnámharlaigh agus zombaithe. Téann leanaí amach ar na sráideanna ag imirt bob nó bia. Cnagann siad ar dhoirse sa chomharsanacht agus iarrann siad milseáin, cnónna nó úlla orthu siúd a fhreagraíonn an doras. Lastar tinte cnámh ar fud na tíre Oíche Shamhna. Maisítear tithe le linn na féile le puimcíní, líonta damhán alla agus aon rud eile a chuirfeadh eagla ar dhuine.

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13
f	j	m	a	h	l	d	i	b	k	c	e	g

Ceist 3

Bíodh plé oscailte agat leis an rang faoin méid a thuigeann siad agus cad a chuidíonn leo tuairiscí ar nós an chinn seo a thuiscint.

Ceist 4

An briathar saor san aimsir láithreach atá i gceist.

Samplaí ón mhír: táthar, lastar, meabhraítear.

An chéad réimniú: -tar – fágtar agus -tear – cuirtear.

An dara réimniú: -aítear – ceannaítear agus -ítear – aimsítear.

Ceist 5

Cuirtear séimhiú ar an aidiacht a leanann an réimír **an-** nuair a thosaíonn an aidiacht sin le consan, ach amháin na consain d, t, l, s, agus n. Ní chuirtear aon athrú i bhfeidhm nuair a leanann aidiacht a thosaíonn le guta **an-**.

very cold – an-fhuar

very hot – an-te

very safe – an-sábháilte

very good – an-mhaith

very bad – an-olc/an-dona

very young – an-óg

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola

Bhur gcéad fáilte ar ais. Is gearr uainn anois Oíche Shamhna agus sheol údaráis áitiúla agus seirbhísí éigeandála na Gaillimhe feachtas eolais inniu maidir leis an gcontúirt a bhaineann le hOíche Shamhna. Táthar ag moladh go láidir do dhaoine a bheith sábháilte agus fanacht glan ar thinte ealaíne agus ar thinte cnámh.

Eibhlín Ní Choistealbha

Gach aon bhliain lastar tinte cnámh agus tinte ealaíne ar fud na tíre chun ceiliúradh a dhéanamh ar Oíche Shamhna. Faraor, is féidir leis an gceiliúradh seo a bheith an-chontúirteach in amanta¹. Agus inniu, i ndiaidh cruinniú a bhí ag Comhchoiste Póilíneachta Chathair na Gaillimhe, in iarracht aird an phobail a tharraingt ar an dainséar a bhaineann le tinte ealaíne agus tinte cnámh, sheol údaráis áitiúla agus seirbhísí éigeandála na Gaillimhe feachtas feasachta poiblí ina leith.

John Mullin, Oifigeach Gaeilge Chomhairle Contae na Gaillimhe

Bhuel, táimid ag moladh do dhaoine a bheith ag fanacht glan ar na tinte cnámh. Agus, chomh maith leis sin táimid ag iarraidh a bheith faireach faoi na tinte ealaíne seo. Tá siad mídhlíthiúil² agus ní ceart a bheith gar dóibh. Tá siad an-chontúirteach do dhaoine, go háirithe d'ainmhithe agus do pháistí beaga. Táimid ag moladh do dhaoine freisin, b'fhéidir, aitheantas a bheith acu ar a gcuid peataí agus iad a choinneáil laistigh den teach ar feadh na saoire, b'fhéidir.

An Sáirsint Gearóid Ó Duinn, Gaillimh

Má ghabhaimid daoine ag déileáil *fireworks* ... tógaimid ...gabhaimid iad ar dtús agus bíimid in ann iad a thógáil os comhair na Cúirte. Agus sa Chúirt, tá siad in ann fineáil suas go dtí deich míle euro agus téarma príosúnachta suas go cúig bliana a fháil.

Eibhlín Ní Choistealbha

Tá seirbhísí dóiteáin na Gaillimhe páirteach sa bhfeachtas chomh maith. Deir siad go bhfuil Oíche Shamhna ar cheann de na hoícheanta is gnóthaí den mbliain dóibh.

Edward Ó Sé, Ceannasaí Stáisiún na Ceathrún Rua

Má tá sé ag éirí contúirteach ... go gcuirfidh daoine fios orainn ar an bpointe. Níl mé ag rá go dtiocfaimid ann le rudaí a chur as ach b'fhéidir go dtiocfaimid ann le comhairle a chur ar dhaoine agus go mbainfeadh daoine sult agus sásamh as an oíche.

Eibhlín Ní Choistealbha

Meabhraítear do dhaoine nuair atáid amuigh ag imirt bob nó breab³ le leanaí, a bheith aireach fanacht sábháilte agus déanamh cinnte de go mbeidh siad breá feiceálach i gcónaí.

Eibhlín Ní Choistealbha, Nuacht TG4 sa Ghailimh.

¹ amanna an leagan caighdeánach

² mídhleathach nó neamhdhlíthiúil na leaganacha caighdeánacha

³ ag imirt bob nó bia an leagan caighdeánach